Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/605 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Aibreán 2021

lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(IO L 129, 15.4.2021, lch. 1)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/623 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021	L 131	137	16.4.2021
►M2	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/687 ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2021	L 143	11	27.4.2021
►M3	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/811 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2021	L 180	114	21.5.2021
►M4	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/902 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2021	L 197	76	4.6.2021
►M5	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/952 ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2021	L 209	95	14.6.2021
►M6	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/994 ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2021	L 219	1	21.6.2021
►M7	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1090 ón gCoimisiún an 2 Iúil 2021	L 236	10	5.7.2021
►M8	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1141 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2021	L 247	55	13.7.2021
►M9	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1205 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2021	L 261	8	22.7.2021
►M10	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1268 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2021	L 277	99	2.8.2021
►M11	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1371 ón gCoimisiún an 16 Lúnasa 2021	L 294	14	17.8.2021
►M12	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1453 ón gCoimisiún an 3 Meán Fómhair 2021	L 313	35	6.9.2021
►M13	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1714 ón gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 2021	L 342	5	27.9.2021
►M14	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1794 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2021	L 361	4	12.10.2021
►M15	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1850 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021	L 374	12	22.10.2021
►M16	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1907 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2021	L 390	1	4.11.2021
►M17	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2024 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2021	L 411	3	19.11.2021
►M18	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2110 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2021	L 429	108	1.12.2021
►M19	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2249 ón gCoimisiún An 16 nollaig 2021	L 453	48	17.12.2021
►M20	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2308 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021	L 461	40	27.12.2021
►M21	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/65 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2022	L 11	13	18.1.2022

▼B

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/605 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Aibreán 2021

lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

CAIBIDIL I

ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc atá le cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse teoranta ama ag na Ballstáit ([1]) ina bhfuil criosanna srianta I, II nó III a liostaítear in Iarscríbhinn I (na Ballstáit lena mbaineann).

Tá feidhm ag na bearta speisialta rialaithe galar sin maidir le muc-ainmhithe fiáine agus ar coimeád agus maidir le táirgí a fhaightear ó mhuc-ainmhithe chomh maith leis na bearta is infheidhme sna criosanna cosanta, faireachais, sna criosanna srianta eile a thuilleadh agus sna criosanna ionfhabhtaithe arna mbunú ag údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagail 21(1) agus 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(b) bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc atá le cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse teoranta ama ag gach Ballstát.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gluaiseachtaí coinsíneachtaí díobh seo a leanas:

(i) muc-ainmhithe a choimeádtar i mbunaíochtaí atá lonnaithe i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin;

(ii) táirgí geirmeacha, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád dá dtagraítear i bpointe (a)(i);

(b) gluaiseachtaí díobh seo a leanas:

(i) coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe fiáine sna Ballstáit uile;

(ii) coinsíneachtaí agus gluaiseachtaí lena n-úsáid go príobháideach ag sealgairí táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuca fiáine sna criosanna srianta I, II agus III nó a phróiseáiltear i mbunaíochtaí atá suite i gcriosanna srianta I, II agus III;

([1]) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha an Rialacháin seo, baineann tagairtí do na Ballstáit leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le Tuaisceart Éireann de.

▼B

(c) oibreoirí gnólachtaí bia a láimhseálann coinsíneachtaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b);

(d) gach Ballstát maidir le feasacht a ardú faoi fhiabhras Afracach na muc.

3. Leis na rialacha dá dtagraítear i mír 1, cumhdaítear an méid seo a leanas:

(a) leagtar síos i gCaibidil II rialacha speisialta maidir le criosanna srianta I, II agus III a bhunú i gcás ina mbeidh ráig d'fhiabhras Afracach na muc ann agus i gcás ina gcuirfear bearta speisialta rialaithe galar i bhfeidhm sna Ballstáit uile;

(b) leagtar síos i gCaibidil III bearta speisialta rialaithe galar is infheidhme maidir le coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III agus táirgí a dhéantar astu sna Ballstáit lena mbaineann;

(c) leagtar síos i gCaibidil IV bearta speisialta maolaithe riosca maidir le fiabhras Afracach na muc le haghaidh gnólachtaí bia sna Ballstáit lena mbaineann;

(d) leagtar síos i gCaibidil V bearta speisialta rialaithe galar is infheidhme maidir le muc-ainmhithe fiáine sna Ballstáit;

(e) i gCaibidil VI, leagtar síos oibleagáidí speisialta faisnéise agus oiliúna sna Ballstáit;

(f) leagtar síos forálacha críochnaitheacha i gCaibidil VII.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

Sa bhreis air sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "muc-ainmhí" ainmhí de na speicis crúbach den fhine *Suidae* a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/429;

(b) ciallaíonn "táirgí geirmeacha" seamhan, úicítí agus suthanna mucúla a fhaightear ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád lena n-atáirgeadh saorga;

(c) ciallaíonn "crios srianta I" limistéar Ballstáit a liostaítear i gCuid I d'Iarscríbhinn I a bhfuil teorannú geografach beacht leis atá faoi réir bearta speisialta rialaithe galar agus a bhfuil teorainn aige le criosanna srianta II nó III;

(d) ciallaíonn "crios srianta II" limistéar Ballstáit a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn I a bhfuil teorannú geografach beacht leis atá faoi réir bearta speisialta rialaithe galar;

▼B

(e) ciallaíonn “crios srianta III” limistéar ballstát a liostaítear i gCuid III d’Iarscríbhinn I a bhfuil teorannú geografach beacht leis atá faoi réir bearta speisialta rialaithe galar;

(f) ciallaíonn “Ballstát saor ó ghalair roimhe sin” Ballstát nár deimhníodh fiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád ann le linn na tréimhse dhá mhí dhéag roimhe sin;

(g) ciallaíonn “ábhair i gCatagóir 2” seachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 a fhaightear ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád;

(h) ciallaíonn “ábhair i gCatagóir 3” seachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 a fhaightear ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád.

CAIBIDIL II

RIALACHA SPEISIALTA MAIDIR LE CRIOSANNA SRIANTA I, II AGUS III A BHUNÚ I gCÁS RÁIGE D’FHIABHRAS AFRACACH NA MUC AGUS BEARTA SPEISIALTA RIALAITHE GALAR A CHUR I bhFEIDHM SNA BALLSTÁIT UILE

Airteagal 3

Rialacha speisialta maidir le criosanna srianta agus criosanna ionfhabhtaithe a bhunú i gcás ráige d’fhiabhras Afracach na muc

I gcás ráige d’fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád nó i muc-ainmhithe fiáine, socróidh údarás inniúil an Bhallstáit ceann den dá rud seo a leanas:

(a) i gcás ráige i muc-ainmhithe atá ar coimeád, crios srianta i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal sin; nó

(b) i gcás ráige i muc-ainmhithe fiáine, crios ionfhabhtaithe i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

Airteagal 4

Rialacha speisialta maidir le crios srianta breise a bhunú i gcás ráige d’fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád nó i muc-ainmhithe fiáine

1. I gcás ráige d’fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád nó i muc-ainmhithe fiáine, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit, ar bhonn na gcritéar agus na bprionsabal maidir le teorannú geografach na gcriosanna srianta a leagtar síos in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429, crios srianta breise a bhunú a mbeidh teorainn aige leis an gcrios srianta bunaithe nó leis an gcrios ionfhabhtaithe dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo chun na criosanna sin a scaradh ó limistéir neamhshrianta.

2. Áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann go bhfreagraíonn an crios srianta breise dá dtagraítear i mír 1 don chrios srianta I a liostaítear i gCuid I d’Iarscríbhinn I i gcomhréir le hAirteagal 5.

▼B

Airteagal 5

Rialacha speisialta maidir le criosanna srianta I a liostú i gcás ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád nó i muc-ainmhithe fiáine i limistéar Ballstáit a bhfuil teorainn aige le limistéar nach bhfuil aon ráig d'fhiabhras Afracach na muc deimhnithe go hoifigiúil ann

1. Tar éis ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád nó i muc-ainmhithe fiáine i limistéar an Bhallstáit, a bhfuil teorainn aige le limistéar nach bhfuil aon ráig d'fhiabhras Afracach na muc deimhnithe go hoifigiúil i muc-ainmhithe atá ar coimeád ann nó i muc-ainmhithe fiáine ann, déanfar an limistéar sin a liostú, más gá, i gCuid I d'Iarscríbhinn I mar chrios srianta I.

2. Tar éis limistéar a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn I mar chrios srianta I, áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann go ndéanfar crios srianta breise a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 64(1) de Rialachán 2016/429 a choigeartú gan mhoill chun go gcuimseofar, ar a laghad, crios srianta ábhartha I a liostaítear in Iarscríbhinn I le haghaidh an Bhallstáit sin.

3. Bunóidh údarás inniúil an Bhallstáit gan mhoill an crios srianta breise ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 64(1) de Rialachán 2016/429, má liostaítear an crios srianta I in Iarscríbhinn I.

Airteagal 6

Rialacha speisialta maidir le criosanna srianta II a liostú i gcás ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine i mBallstát

1. Tar éis ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine i limistéar Ballstáit, liostófar an limistéar sin mar chrios srianta II i gCuid II d'Iarscríbhinn I.

2. Áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann go ndéanfar an crios ionfhabhtaithe a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a choigeartú gan mhoill chun go gcuimseoidh sé ar a laghad crios srianta ábhartha II a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo i gcás an Bhallstáit sin.

Airteagal 7

Rialacha speisialta maidir le criosanna srianta III a liostú i gcás ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád sa Bhallstát

1. Tar éis ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád i limistéar Ballstáit, liostófar an limistéar sin mar chrios srianta III i gCuid III d'Iarscríbhinn I.

Mar sin féin, i gcás nár deimhníodh ach an chéad ráig agus an t-aon ráig amháin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád i limistéar Ballstáit a bhí saor ó ghalair roimhe sin, ní dhéanfar an limistéar sin a liostú mar chrios srianta III i gCuid III d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

▼B

2. Áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann go ndéanfar an crios srianta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a choigeartú gan mhoill chun go gcuimseofar, ar a laghad, crios srianta ábhartha III a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo i gcás an Bhallstáit sin.

Airteagal 8

Cur i bhfeidhm ginearálta na mbeart speisialta rialaithe galari gcriosanna srianta I, II agus III

Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann na bearta speisialta rialaithe galar a leagtar síos sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcriosanna srianta I, II agus III sa bhreis ar na bearta rialaithe galar atá le cur i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 sna limistéir seo a leanas:

(a) limistéir shrianta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) limistéir ionfhabhtaithe a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

CAIBIDIL III

BEARTA RIALAITHE GALAR IS INFHEIDHME MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ MUC-AINMHITHE A CHOIMEÁDTAR I gCRIOSANNA SRIANTA I, II AGUS III AGUS TÁIRGÍ A DHÉANTAR ASTU SNA BALLSTÁIT LENA mBAINEANN

ROINN 1

Toirmisc shonracha a chur i bhfeidhm ar choinsíneachtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád agus a dtáirgí sna ballstáit lena mbaineann

Airteagal 9

Toirmisc shonracha i ndáil le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin

1. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann toirmeasc ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin.

2. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh nach mbeidh feidhm ag an toirmeasc dá bhforáiltear i mír 1 maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta I maidir le bunaíochtaí atá lonnaithe i gcriosanna srianta eile I, II agus III nó lasmuigh de na criosanna sin ar choinníoll go bhfuil an bhunaíocht chinn scríbe suite i gcríoch an Bhallstáit chéanna lena mbaineann.

Airteagal 10

Toirmisc shonracha i ndáil le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin

Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann toirmeasc ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin.

▼B

Airteagal 11

Toirmisc shonracha maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de sheachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin

1. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann toirmeasc ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí de sheachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin.

2. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh nach mbeidh feidhm ag an toirmeasc dá bhforáiltear i mír 1 maidir le seachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar lasmuigh de chriosanna srianta II agus III agus a mharaítear i seamlais atá suite i gcriosanna srianta II agus III ar choinníoll go scarfar go soiléir na seachtháirgí ainmhithe sin i mbunaíochtaí agus le linn a n-iompair ó sheachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III.

Airteagal 12

Toirmisc shonracha i ndáil le gluaiseacht coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin

1. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann toirmeasc ar choinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin.

2. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh nach mbeidh feidhm ag an toirmeasc dá bhforáiltear i mír 1 maidir le táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III, a ndearnadh an chóireáil ábhartha orthu i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, maidir le fiabhras Afracach na muc, i mbunaíochtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 41(1) den Rialachán seo.

Airteagal 13

Toirmisc ghinearálta maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe ar coimeád agus a dtáirgí a meastar gur riosca iad maidir le fiabhras Afracach na muc a leathadh

Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, laistigh de chríoch an Bhallstáit chéanna, toirmeasc a chur ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe ar coimeád agus ar tháirgí a fhaightear ó mhuc-ainmhithe ar coimeád má mheasann an t-údarás inniúil go baol ann go leathfaidh fiabhras Afracach na muc chuig na muc-ainmhithe sin, uathu nó tríothu nó go leathfaidh an fiabhras chuig a dtáirgí, uathu nó tríothu.

▼B

ROINN 2

Coinníollacha ginearálta agus sonracha maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta i, ii agus iii lasmuigh de na criosanna sin

Airteagal 14

Coinníollacha ginearálta maidir le maoluithe ar thoirmisc shonracha i ndáil le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin

1. De mhaolú ar na toirmisc shonracha dá bhforáiltear in Airteagal 9(1), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III a údarú lasmuigh de na criosanna sin sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagail 22, 23, 24, 25, 28 agus 29 agus faoi na coinníollacha sonracha dá bhforáiltear sna hAirteagail sin, agus:

(a) na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687; agus

(b) na coinníollacha ginearálta maidir leis an méid seo a leanas:

(i) gluaiseachtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád ó chriosanna srianta I, II agus III a leagtar síos in Airteagal 15;

(ii) bunaíochtaí le haghaidh muc-ainmhithe atá ar coimeád atá lonnaithe i gcriosanna srianta I, II agus III a leagtar síos in Airteagal 16;

(iii) na modhanna iompair a úsáidtear chun muc-ainmhithe atá ar coimeád a iompar ó chriosanna srianta I, II agus III a leagtar síos in Airteagal 17.

2. Sula ndeonófar údaruithe dá bhforáiltear in Airteagail 22 go 25 agus 28 go 30, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann measúnú ar na rioscaí a eascraíonn as na húdaruithe sin agus ní mór a léiriú sa mheasúnú sin gur diomaibhseach an riosca go leathfaidh fiabhras Afracach na muc.

3. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh nach mbeidh feidhm ag na coinníollacha ginearálta breise dá dtagraítear in Airteagail 15 agus 16 maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i seamlais atá suite i gcriosanna srianta I, II agus III ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) nach mór na muc-ainmhithe atá ar coimeád a aistriú go seamlas eile mar gheall ar imthosca eisceachtúla, amhail cliseadh mór sa seamlas;

(b) go bhfuil an seamlas cinn scríbe suite i gceann den dá áit seo a leanas:

(i) i gcriosanna srianta I, II nó III den Bhallstát céanna; nó

(ii) in imthosca eisceachtúla, nuair nach ann do na seamlais dá dtagraítear i bpointe (b)(i), lasmuigh de chriosanna srianta I, II nó III i gcríoch an Bhallstáit chéanna;

(c) go bhfuil an ghluaiseacht údaraithe ag údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann.

▼B

Airteagal 15

Coinníollacha ginearálta breise maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin

1. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gluaiseachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III a údarú lasmuigh de na criosanna sin sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagail 22 go 25 agus 28 go 30 faoi na coinníollacha sonracha dá bhforáiltear sna hAirteagail sin ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) gur coimeádadh na muc-ainmhithe isteach agus nár aistríodh iad ón mbunaíocht seolta ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh an dáta gluaiseachta, nó ó rugadh iad, má tá siad níos óige ná 30 lá d'aois, agus i rith na tréimhse sin nár tugadh aon mhuc-ainmhithe eile atá ar coimeád isteach ó chriosanna srianta II agus III:

(i) an bhunaíocht sin; nó

(ii) go ndearnadh an t-aonad eipidéimeolaíoch ina raibh na muc-ainmhithe le haistriú a choinneáil go hiomlán scartha. Cinnfidh an t-údarás inniúil, tar éis measúnú riosca a dhéanamh, teorainneacha an aonaid eipidéimeolaíoch sin lena ndeimhnítear go n-áirithítear, leis an struchtúr, méid agus fad idir aonaid eipidéimeolaíocha éagsúla agus na hoibríochtaí atá á ndéanamh, saoráidí ar leith le haghaidh muc-ainmhithe atá ar coimeád ó thaobh tithíocht a chur ar fáil dóibh, iad a choimeád agus a bheathú ionas nach féidir le víreas Afracach fhiabhras na muc leathadh ó aonad eipidéimeolaíoch amháin go ceann eile;

(b) go ndearnadh scrúdú cliniciúil ar na muc-ainmhithe a choimeádtar sa bhunaíocht seolta, lena n-áirítear na hainmhithe sin atá le haistriú nó le húsáid chun táirgí geirmeacha a bhailiú, scrúdú a raibh torthaí fabhracha air maidir le fiabhras Afracach na muc:

(i) ag tréidlia oifigiúil;

(ii) laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh am gluaiseachta na coinsíneachta muc-ainmhithe nó roimh an am ar bailíodh táirgí geirmeacha; agus

(iii) i gcomhréir le hAirteagal 3(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus le pointe A.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis.

(c) más gá, agus ag leanúint treoracha ón údarás inniúil, go ndearnadh tástálacha sainaitheantais pataigine roimh dháta gluaiseachta na coinsíneachta ón mbunaíocht seolta nó roimh dháta bailithe na dtáirgí geirmeacha:

(i) tar éis an scrúdaithe chliniciúil ar mhuc-ainmhithe a choimeádtar sa bhunaíocht dá dtagraítear i bpointe (b), lena n-áirítear na hainmhithe sin atá le haistriú nó le húsáid chun táirgí geirmeacha a bhailiú; agus

(ii) i gcomhréir le pointe A.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

▼B

2. Gheobhaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, i gcás inarb ábhartha, torthaí diúltacha ar thástálacha sainaitheantais pataigine dá dtagraítear i bpointe (1)(c) sula n-údarófar gluaiseacht na coinsíneachta.

3. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann an méid seo a leanas a chinneadh, i gcás gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád ó bhunaíochtaí seolta atá suite i gcriosanna srianta I agus II, go dtí bunaíochtaí atá suite laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann, an scrúdú cliniciúil dá dtagraítear i mír (1)(b):

(a) nach ndéanfar é ach amháin chun ainmhithe a aistriú; nó

(b) nach gá é a dhéanamh, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(i) gur thug tréidlia oifigiúil cuairt ar bhunaíocht seolta a mhinice dá dtagraítear in Airteagal 16(a)(i) agus go raibh toradh fabhrach ar na cuairteanna uile a thug tréidlia oifigiúil ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad roimh dháta na gluaiseachta, lena léirítear an méid seo a leanas:

— cuireadh na ceanglais bhithshlándála dá dtagraítear in Airteagal 16(b) chun feidhme sa bhunaíocht seolta;

— rinne tréidlia oifigiúil scrúdú cliniciúil a raibh torthaí fabhracha air maidir le fiabhras Afracach na muc le linn na gcuairteanna sin ar na muc-ainmhithe a choimeádtar sa bhunaíocht seolta i gcomhréir le hAirteagal 3(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus pointe A.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis;

(ii) bhí an faireachas leanúnach dá dtagraítear in Airteagal 16(c) ar bun i mbunaíocht seolta ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad roimh dháta na gluaiseachta.

Airteagal 16

Coinníollacha ginearálta breise maidir le bunaíochtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád atá suite i gcriosanna srianta I, II agus III

1. Ní údaróidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gluaiseachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i mbunaíochtaí atá suite i gcriosanna srianta I, II agus III ach amháin lasmuigh de na criosanna sin sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagail 22 go 25 agus 28 go 30 agus faoi na coinníollacha sonracha dá bhforáiltear sna hAirteagail sin ar choinníoll:

(a) go bhfuil cuairt tugtha ag tréidlia oifigiúil ar an mbunaíocht seolta uair amháin ar a laghad tar éis liostú na gcriosanna srianta I, II agus III in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo nó le linn thréimhse trí mhí roimh an ngluaiseacht, agus go bhfuil sí faoi réir cuairteanna rialta ó thréidlianna oifigiúla dá bhforáiltear in Airteagal 26(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 mar seo a leanas:

(i) sna criosanna srianta I agus II: ar a laghad dhá uair sa bhliain, agus eatramh ceithre mhí ar a laghad ann idir na cuairteanna sin;

▼B

(ii) i gcrios srianta III: uair amháin gach trí mhí ar a laghad.

Féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh cuairteanna a thabhairt ar an mbunaíocht i gcrios srianta III a mhinice dá dtagraítear i mír (a)(i) bunaithe ar thoradh fabhrach na cuairte deiridh tar éis liostú na gcriosanna srianta I, II agus III in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo nó le linn thréimhse trí mhí roimh an ngluaiseacht, lena léirítear gur cuireadh na ceanglais bhithshlándála dá dtagraítear i mír (b) chun feidhme agus go bhfuil an faireachas leanúnach dá dtagraítear i mír (c) á chur i bhfeidhm sa bhunaíocht sin.

(b) go gcuireann an bhunaíocht seolta ceanglais bhithshlándála chun feidhme maidir le fiabhras Afracach na muc:

(i) i gcomhréir leis na bearta bithshlándála athneartaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II; agus

(ii) de réir mar atá bunaithe ag an mBallstát atá i gceist;

(c) go ndéantar faireachas leanúnach trí thástáil le tástálacha sainaitheantais pataigine le haghaidh fhiabhras Afracach na muc i mbunaíocht seolta:

(i) i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis;

(ii) tástálacha a bhfuil torthaí diúltacha orthu gach seachtain ar an gcéad dá mhuc-ainmhí mharbha ar coimeád atá os cionn 60 lá d'aois nó, murab ann d'ainmhithe marbha den sórt sin atá os cionn 60 lá d'aois, ar mhuc-ainmhithe marbha atá ar coimeád tar éis iad a bhaint den diúl, i ngach aonad eipidéimeolaíoch;

(iii) ar a laghad ar feadh na tréimhse faireacháin le haghaidh fhiabhras Afracach na muc a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 roimh ghluaiseacht na coinsíneachta ón mbunaíocht seolta.

2. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh nach mbeidh gá leis an bhfálú stocdhíonach dá bhforáiltear i bpointe (2)(h) d'Iarscríbhinn II dá dtagraítear i mír (1)(b)(i) den Airteagal seo i gcás bunaíochtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád ar feadh tréimhse trí mhí tar éis na chéad ráige d'fhiabhras Afracach na muc sa Bhallstát sin ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) go bhfuil measúnú déanta ag údarás inniúil an Bhallstáit ar na rioscaí a eascraíonn as an gcinneadh agus go léirítear sa mheasúnú sin gur diomaibhseach an baol go leathfaidh fiabhras Afracach na muc;

(b) go bhfuil córas malartach i bhfeidhm lena gcinntítear go ndéantar muc-ainmhithe a choimeádtar i mbunaíochtaí a scaradh ó mhuc-ainmhithe fiáine sna Ballstáit ina bhfuil líon na muc-ainmhithe fiáine;

(c) nach n-aistrítear muc-ainmhithe atá ar coimeád ó na bunaíochtaí sin chuig Ballstát eile.

▼B

Airteagal 17

Coinníollacha ginearálta breise maidir leis na modhanna iompair a úsáidtear le haghaidh iompar muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin

Ní údaróidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin ach amháin más rud é gur fíor an méid seo a leanas faoi na modhanna iompair a úsáidtear chun na coinsíneachtaí sin a iompar:

(a) go gcomhlíontar na ceanglais leo a leagtar síos in Airteagal 24(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687; agus

(b) go ndéantar iad a ghlanadh agus a dhíghalrú i gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 faoi rialú nó faoi mhaoirseacht údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann.

ROINN 3

Oibleagáidí atá ar oibreoirí maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe

Airteagal 18

Oibleagáidí ar oibreoirí maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin

Ní aistreoidh oibreoirí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin laistigh den Bhallstát lena mbaineann nó chuig Ballstát eile ach amháin i gcásanna a chumhdaítear le hAirteagail 22 go 25 agus 28 go 30 má ghabhann deimhniú sláinte ainmhithe leis na coinsíneachtaí sin dá bhforáiltear in Airteagal 143(1) de Rialachán (AE) 2016/429 ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na fianuithe seo a leanas ar chomhlíonadh na gceanglas dá bhforáiltear sa Rialachán seo:

(a) “Muc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta I gcomhréir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras Afracach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún.”;

(b) “Muc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II i gcomhréir leis na bearta speisialta rialaithe a bhaineann le fiabhras Afracach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún.”;

(c) “Muc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta III i gcomhréir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras Afracach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún.”;

I gcás gluaiseachtaí laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann, áfach, féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh nach gá deimhniú sláinte ainmhithe dá dtagraítear sa dara fomhír d’Airteagal 143(2) de Rialachán (AE) 2016/429 a eisiúint.

▼B

Airteagal 19

Na hoibleagáidí atá ar oibreoirí maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe ó chriosanna srianta I, II agus III

1. Ní aistreoidh oibreoirí coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I agus II lasmuigh de na criosanna sin laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann nó chuig Ballstát eile i gcásanna a chumhdaítear le hAirteagail 38 agus 39, ach amháin má ghabhann deimhniú sláinte ainmhithe leis na coinsíneachtaí sin dá bhforáiltear in Airteagal 167(1) de Rialachán (AE) 2016/429 ina bhfuil an méid seo a leanas:

(a) an fhaisnéis a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154; agus

(b) ceann amháin ar a laghad de na fianuithe seo a leanas ar chomhlíonadh na gceanglas dá bhforáiltear sa Rialachán seo:

(i) "Feoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta I i gcomhréir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras Afracach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún.";

(ii) "Feoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II i gcomhréir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras Afracach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún."

2. Ní aistreoidh oibreoirí ach coinsíneachtaí de tháirgí feola próiseáilte, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann nó chuig Ballstát eile ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) go ndearnadh an chóireáil ábhartha maolaithe riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch;

(b) go ngabhann deimhniú sláinte ainmhithe leis na coinsíneachtaí sin dá bhforáiltear in Airteagal 167(1) de Rialachán (AE) 2016/429 ina bhfuil an méid seo a leanas:

(i) an fhaisnéis a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154; agus

(ii) an fianú seo a leanas ar chomhlíonadh na gceanglas dá bhforáiltear sa Rialachán seo:

"Táirgí feola próiseáilte, lena n-áirítear cásálacha a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III i gcomhréir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras Afracach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún."

▼B

3. Ní aistreoidh oibreoirí coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i limistéir lasmuigh de chriosanna srianta I, II agus III agus a mharaítear i seamlais atá suite i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann nó chuig Ballstát eile, má tá na nithe seo a leanas ag gabháil leis na coinsíneachtaí sin:

(a) deimhniú sláinte ainmhithe dá bhforáiltear in Airteagal 167(1) de Rialachán (AE) 2016/429 ina bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154; agus

(b) an fianú seo a leanas ar chomhlíonadh na gceanglas dá bhforáiltear sa Rialachán seo:

"Feoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i limistéir lasmuigh de chriosanna srianta I, II agus III agus a mharaítear i gcriosanna srianta I, II agus III i gcomhréir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras Afracach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún."

▼M4

4. Maidir le coinsíneachtaí de tháirgí feola, lena n-áirítear cásálacha a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i limistéir lasmuigh de chriosanna srianta I, II agus III agus a phróiseáiltear i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin laistigh den aon Bhallstát amháin lena mbaineann nó chuig Ballstát eile, ní aistreoidh oibreoirí iad ach amháin má tá deimhniú sláinte ainmhithe ag gabháil leo, deimhniú dá bhforáiltear in Airteagal 167(1) de Rialachán (AE) 2016/429 ina bhfuil an méid seo a leanas:

(a) an fhaisnéis a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154; agus

(b) an fianú seo a leanas ar chomhlíonadh na gceanglas dá bhforáiltear sa Rialachán seo:

"Táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i limistéir lasmuigh de chriosanna srianta I, II agus III agus a phróiseáiltear i gcriosanna srianta I, II agus III i gcomhréir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras Afracach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún."

▼B

5. I gcás gluaiseachtaí coinsíneachtaí dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 3 agus 4 laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann, féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh nach gá deimhniú sláinte ainmhithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 167(1) de Rialachán (AE) 2016/429 a eisiúint.

▼B

6. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh go bhféadfaidh marc sláinte nó, i gcás inarb ábhartha, marc aitheantais dá bhforáiltear i bpointe (b) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an bhfeoil úr nó phróiseáilte, táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, i mbunaíochtaí a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 41(1) den Rialachán seo nó i mbunaíochtaí a láimhseálann feoil úr nó phróiseáilte, táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III nó an deimhniú sláinte ainmhithe a chur in ionad an deimhnithe sláinte ainmhithe le haghaidh ghluaiseachtaí na gcoinsíneachtaí seo a leanas:

(a) an fheoil úr, na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I agus II lasmuigh de na criosanna sin laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann nó chuig Ballstát eile, mar a leagtar síos i mír 1;

(b) na táirgí feola próiseáilte, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I agus II lasmuigh de na criosanna sin laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann nó chuig Ballstát eile, mar a leagtar síos i mír 2;

(c) an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i limistéir lasmuigh de chriosanna srianta I, II agus III agus a mharaítear i seamlais atá suite i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann nó chuig Ballstát eile, mar a leagtar síos i mír 3;

(d) na táirgí feola próiseáilte, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i limistéir lasmuigh de chriosanna srianta I, II agus III agus a phróiseáiltear i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann nó chuig Ballstát eile, mar a leagtar síos i mír 4.

Airteagal 20

Na hoibleagáidí ar oibreoirí maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i mbunaíochtaí atá suite i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin

Ní aistreoidh oibreoirí coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann nó chuig Ballstát eile i gcásanna a chumhdaítear le hAirteagail 31 agus 32, ach amháin má tá deimhniú sláinte ainmhithe ag gabháil leis na coinsíneachtaí sin dá bhforáiltear in Airteagal 161(1) de Rialachán (AE) 2016/429 ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na fianuithe seo a leanas ar chomhlíonadh na gceanglas dá bhforáiltear sa Rialachán seo:

(a) "Táirgí geirmeacha a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II i gcomhréir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras Afracach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún.";

▼B

(b) “Táirgí geirmeacha a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta III i gcomhréir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras Afracach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún.”.

I gcás gluaiseachtaí laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann, áfach, féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh nach gá deimhniú sláinte ainmhithe dá dtagraítear sa dara fomhír d’Airteagal 161(2) de Rialachán (AE) 2016/429 a eisiúint.

Airteagal 21

Na hoibleagáidí ar oibreoirí maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí d’ábhair i gCatagóir 2 agus 3 a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin

Ní aistreoidh oibreoirí coinsíneachtaí d’ábhair i gCatagóir 2 agus 3 a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann nó chuig Ballstát eile ach amháin i gcásanna a chumhdaítear le hAirteagail 33 go 37, ach amháin má tá na nithe seo a leanas ag gabháil leis na coinsíneachtaí sin:

(a) an doiciméad tráchtála dá dtagraítear i gCaibidil III d’Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011; agus

(b) deimhniú sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 22(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

I gcás gluaiseachtaí laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann, áfach, féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh nach n-eiseofar deimhniú sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 22(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

ROINN 4

Coinníollacha sonracha maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta I lasmuigh den chrios sin

Airteagal 22

Coinníollacha sonracha maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta I lasmuigh den chrios sin

1. De mhaolú ar an toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 9(1), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta I lasmuigh den chrios sin a údarú chuig na háiteanna seo a leanas:

(a) bunaíocht atá suite ar chríoch an Bhallstáit chéanna lena mbaineann:

(i) i gcrios srianta I eile;

(ii) i gcriosanna srianta II agus III;

(iii) lasmuigh de na criosanna srianta I, II agus III;

▼B

(b) bunaíocht atá suite i gcríoch Bhallstáit eile;

(c) na tríú tíortha.

2. Ní thabharfaidh an t-údaráis inniúil na húdaraithe dá bhforáiltear i mír 1 ach amháin faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagal 14(2) agus in Airteagail 15(1)(b)(c), (2) agus (3), agus Airteagail 16 agus 17.

ROINN 5

Coinníollacha sonracha maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II lasmuigh den chrios sin

Airteagal 23

Coinníollacha sonracha maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II lasmuigh den chrios sin i gcríoch an Bhallstáit chéanna lena mbaineann

1. De mhaolú ar an toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 9, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II lasmuigh den chrios sin a údarú chuig bunaíocht atá suite i gcríoch an Bhallstáit chéanna lena mbaineann:

(a) i gcrios srianta II eile;

(b) i gcriosanna srianta I agus III;

(c) lasmuigh de na criosanna srianta I, II agus III.

2. Ní thabharfaidh an t-údarás inniúil na húdaraithe dá bhforáiltear i mír 1 ach amháin faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagail 14(2) agus 15, 16 agus 17.

3. Áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann go bhfanfaidh muc-ainmhithe atá faoi réir gluaiseacht údaraithe dá dtagraítear i mír 1 sa bhunaíocht chinn scríbe ar feadh na tréimhse faireacháin ar a laghad a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

▼B

Airteagal 24

Coinníollacha sonracha maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II lasmuigh den chrios sin chuig seamlas atá suite i gcríoch an Bhallstáit chéanna lena mbaineann chun iad a mharú láithreach

1. De mhaolú ar an toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 9, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gluaiseachtaí de choinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II lasmuigh den chrios sin a údarú chuig seamlas atá suite i gcríoch an Bhallstáit chéanna lena mbaineann, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) go n-aistrítear na muc-ainmhithe atá ar coimeád lena marú láithreach;

(b) go bhfuil an seamlas cinn scríbe ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 41(1).

2. Ní thabharfaidh an t-údaráis inniúil na húdaraithe dá bhforáiltear i mír 1 ach amháin faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagal 14(2), Airteagal 15(1)(b)(c), (2) agus (3), agus Airteagail 16 agus 17.

Airteagal 25

Coinníollacha sonracha maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II lasmuigh den chrios sin chuig criosanna srianta II nó III i mBallstát eile

1. De mhaolú ar an toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 9, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II lasmuigh den chrios sin a údarú chuig bunaíocht atá suite i gcrios srianta II nó i gcrios srianta III i mBallstát eile.

2. Ní thabharfaidh an t-údaráis inniúil na húdaruithe dá bhforáiltear i mír 1 ach amháin ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) go gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) go gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagail 14(2) agus 15, 16 agus 17;

(c) gur bunaíodh nós imeachta cainéalaithe de réir Airteagal 26;

(d) go gcomhlíonann na muc-ainmhithe atá ar coimeád aon ráthaíochtaí iomchuí eile a bhaineann le fiabhras Afracach na muc bunaithe ar thoradh dearfach ar mheasúnú riosca ar na bearta i gcoinne leathadh an ghalair sin:

▼B

(i) measúnú atá ag teastáil ó údarás inniúil na bunaíochta seolta;

(ii) measúnú atá formheasta ag údaráis inniúla na mBallstát trasnaithe agus ag an mbunaíocht chinn scríbe, roimh ghluaiseacht na muc-ainmhithe atá ar coimeád;

(e) nár deimhníodh aon ráig d'fhiabhras Afracach na muc go hoifigiúil i muc-ainmhithe atá ar coimeád i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 le linn tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad sa bhunaíocht seolta;

(f) gur thug an t-oibreoir fógra don údarás inniúil roimh ré go bhfuil sé beartaithe coinsíneacht na muc-ainmhithe atá ar coimeád a aistriú i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 152 de Rialachán (AE) 2016/429 agus le hAirteagal 96 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

3. Déanfaidh údarás inniúil na bunaíochta seolta na nithe seo a leanas:

(a) liosta bunaíochtaí a chomhlíonann na ráthaíochtaí dá dtagraítear i mír 2(d) a dhréachtú;

(b) na ráthaíochtaí dá bhforáiltear i mír (2)(d) agus an ceadú ó na húdaráis inniúla dá bhforáiltear i mír 2(d)(ii) a chur in iúl láithreach don Choimisiún agus do na Ballstáit eile.

4. Ní cheanglófar an formheas dá bhforáiltear i mír 2(d)(ii) ná an oibleagáid maidir le faisnéis láithreach dá bhforáiltear i mír 3(b) nuair atá bunaíocht seolta, áiteanna trasnaithe agus an bhunaíocht chinn scríbe lonnaithe i gcriosanna srianta I, II agus III agus nuair atá na criosanna sin leanúnach, á áirithiú ar an gcaoi sin nach n-aistrítear na muc-ainmhithe atá ar coimeád ach trí aon cheann amháin de na criosanna srianta sin I, II agus III i gcomhréir le coinníollacha sonracha dá bhforáiltear in Airteagal 22(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

Airteagal 26

Nós imeachta sonrach um chainéalú lena ndeonaítear maoluithe i ndáil le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II amach as an gcrios sin chuig criosanna srianta II nó III i mBallstát eile

1. Bunóidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann nós imeachta um chainéalú mar a fhoráiltear in Airteagal 25(2)(c) chun coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II a bhogadh amach as an gcrios sin chuig bunaíocht atá suite i gcriosanna srianta II nó III i mBallstát eile faoi rialú na n-údarás inniúil a bhfuil ceann acu de na nithe seo a leanas faoina gcúram:

(a) an bhunaíocht seolta;

(b) trasnú;

(c) an bhunaíocht chinn scríbe.

▼B

2. Déanfaidh údarás inniúil na bunaíochta seolta na nithe seo a leanas:

(a) an méid seo a leanas a áirithiú i gcás gach modha iompair a úsáidtear le haghaidh na ngluaiseachtaí dá dtagraítear i mír 1:

(i) beidh córas um loingseoireacht satailíte ag gach ceann acu chun a shuíomh a chinneadh, a tharchur agus a thaifead san fhíor-am;

(ii) séalóidh tréidlia oifigiúil iad díreach tar éis an choinsíneacht de mhuc-ainmhithe ar coimeád a bheith lódáilte; ní fhéadfaidh ach tréidlia oifigiúil nó údarás forfheidhmithe de chuid an Bhallstáit lena mbaineann an séala a bhriseadh agus ceann nua a chur ina ionad, i gcás inarb ábhartha, de réir mar a chomhaontaítear leis an údarás inniúil.

(b) é a chur in iúl d'údarás inniúil áit na bunaíochta seolta agus, i gcás inarb ábhartha, d'údarás inniúil áit an trasnaithe, go bhfuil sé beartaithe an choinsíneacht de mhuc-ainmhithe ar coimeád a sheoladh;

(c) córas a bhunadh faoina mbeidh sé de cheangal ar oibreoirí fógra láithreach a thabhairt d'údarás inniúil áit na bunaíochta seolta maidir le haon timpiste nó aon chliseadh a tharlaíonn d'aon mhodh iompair a úsáidtear chun an choinsíneacht de mhuc-ainmhithe ar coimeád a iompar;

(d) é a áirithiú go mbunófar plean éigeandála, slabhra ceannais agus na socruithe is gá le haghaidh comhar idir na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1(a), (b) agus (c) i gcás aon timpiste a d'fhéadfadh tarlú le linn an iompair, aon mhórchliseadh nó aon ghníomhaíocht chalaoiseach ó thaobh na n-oibreoirí de.

Airteagal 27

Oibleagáidí ar údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, údarás inniúil áit na bunaíochtaí ceann scríbe le haghaidh coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II i mBallstát eile

Údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, údarás inniúil áit na bunaíochta ceann scríbe le haghaidh coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II i mBallstát eile, déanfaidh sé na nithe seo a leanas:

(a) fógra a thabhairt gan moill mhíchuí d'údarás inniúil na bunaíochta seolta faoi theacht na coinsíneachta;

(b) na nithe seo a leanas a áirithiú i gcás na muc-ainmhithe ar coimeád:

(i) coinneofar iad sa bhunaíocht chinn scríbe ar feadh ar a laghad na tréimhse faireacháin le haghaidh fhiabhras Afracach na muc a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687; nó

(ii) aistreofar iad go díreach chuig seamlas arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 41(1) den Rialachán seo.

▼B

ROINN 6

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta III lasmuigh den chrios sin

Airteagal 28

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta III amach as an gcrios sin chuig crios srianta II sa Bhallstát céanna lena mbaineann

1. De mhaolú ar an toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 9, in imthosca eisceachtúla, i gcás ina dtagann fadhbanna leasa ainmhithe chun cinn i mbunaíocht ina gcoimeádtar muc-ainmhithe, i ngeall ar an toirmeasc sin, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar muc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta III a bhogadh amach as an gcrios sin chuig bunaíocht atá suite i gcrios srianta II ar chríoch an Bhallstáit chéanna, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) comhlíontar na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) comhlíontar na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagal 14(2), Airteagail 15, 16 agus 17;

(c) baineann an bhunaíocht chinn scríbe leis an slabhra soláthair céanna agus tá na muc-ainmhithe ar coimeád le bogadh chun an timthriall táirgeachta a chomhlánú.

2. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a áirithiú nach mbogfar muc-ainmhithe ar coimeád ón mbunaíocht chinn scríbe atá suite i gcrios srianta II le linn ar a laghad na tréimhse faireacháin le haghaidh fhiabhras Afracach na muc a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

Airteagal 29

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta III amach as an gcrios sin lena marú láithreach sa Bhallstát céanna lena mbaineann

1. De mhaolú ar an toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 9, in imthosca eisceachtúla, i gcás ina dtagann fadhbanna leasa ainmhithe chun cinn i mbunaíocht ina gcoimeádtar muc-ainmhithe i ngeall ar an toirmeasc dá dtagraítear in Airteagal 5(1), agus i gcás srianta lóistíochta ó thaobh acmhainneacht mharaithe na seamlas atá suite i gcrios srianta III agus arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 41(1), nó in éagmais an tseamlais ainmnithe i gcrios srianta III, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú, chun críche maraithe láithrigh, go ndéanfar muc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios III a bhogadh amach as an gcrios sin chuig seamlas arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 41(1) sa Bhallstát céanna agus atá chomh cóngarach agus is féidir leis an mbunaíocht seolta, bunaíocht atá suite i gceann de na háiteanna seo a leanas:

(a) crios srianta II;

(b) crios srianta I nuair nach féidir na hainmhithe a mharú sa chrios srianta II sin;

(c) lasmuigh de chriosanna srianta I, II agus III nuair nach féidir na hainmhithe a mharú sna criosanna III, II agus I sin.

▼B

2. Ní thabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann an t-údarú dá bhforáiltear i mír 1 ach amháin ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) comhlíontar na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) comhlíontar na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagal 14(2) agus Airteagail 15(1)(b)(c) agus (2), 16 agus 17;

3. Áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann na nithe seo a leanas:

(a) beidh na muc-ainmhithe ar coimeád le cur go díreach chuig seamlas lena marú láithreach, seamlas arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 41(1);

(b) ar theacht dóibh chuig an seamlas ainmnithe, coimeádfar na muc-ainmhithe ó chrios srianta III scartha amach ó mhuc-ainmhithe eile agus marófar iad;

(i) ar lá sonrach nuair nach maraítear ach muc-ainmhithe ó chrios srianta III; nó

(ii) ag deireadh lae mharaithe, rud a áirithíonn nach marófar muc-ainmhithe eile ar coimeád ina dhiaidh sin;

(c) tar éis mharú na muc-ainmhithe ó chrios srianta III, agus roimh thús a chur le marú na muc-ainmhithe eile ar coimeád, ní mór an seamlas a ghlanadh agus a dhífhabhtú i gcomhréir leis na dtreoracha ó údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann.

4. Áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann na nithe seo a leanas:

(a) seachtháirgí ainmhithe arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta III agus a bhogtar amach as an gcrios sin, déanfar iad a phróiseáil nó a dhiúscairt i gcomhréir le hAirteagail 33 agus 36;

(b) feoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta III agus a bhogtar amach as crios srianta III, déanfar iad a phróiseáil agus a stóráil i gcomhréir le hAirteagal 40.

ROINN 7

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III amach as na criosanna sin chuig gléasra formheasta um sheachtháirgí ainmhithe

Airteagal 30

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III chuig gléasra formheasta um sheachtháirgí ainmhithe atá suite lasmuigh de chriosanna srianta I, II agus III sa Bhallstát céanna lena mbaineann

1. De mhaolú ar na toirmisc dá bhforáiltear in Airteagal 9, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III a bhogadh chuig gléasra formheasta um sheachtháirgí ainmhithe atá suite lasmuigh de chriosanna I, II agus III sa Bhallstát céanna lena mbaineann ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

▼B

(a) maraítear láithreach na muc-ainmhithe ar coimeád; agus

(b) diúscraítear na seachtháirgí ainmhithe a eascraíonn as sin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009.

2. Ní thabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann an t-údarú dá bhforáiltear i mír 1 ach amháin ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) comhlíontar na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) comhlíontar na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagal 14(2) agus 17.

ROINN 8

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II, lasmuigh den chrios sin

Airteagal 31

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II, lasmuigh den chrios sin ar chríoch an Bhallstáit chéanna

De mhaolú ar na toirmisc dá bhforáiltear in Airteagal 10, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha a bhogadh ó bhunaíocht táirgí geirmeacha atá súite i gcrios srianta II chuig crios srianta II eile agus chuig criosanna srianta I agus III, nó chuig limistéir atá lasmuigh de chriosanna srianta I, II agus III ar chríoch an Bhallstáit chéanna lena mbaineann ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) rinneadh na táirgí geirmeacha a bhailiú nó a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil i mbunaíochtaí agus fuarthas iad ó mhuc-ainmhithe ar coimeád, bunaíochtaí agus muc-ainmhithe a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(1)(b)(c) (2) agus in Airteagal 16;

(b) coimeádadh deontóirí fireanna agus deontóirí baininne na muc-ainmhithe i mbunaíochtaí táirgí geirmeacha nár tugadh isteach iontu aon mhuc-ainmhí eile ar coimeád ó chriosanna srianta II agus III le linn tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bhailiú nó tháirgeadh na dtáirgí geirmeacha.

Airteagal 32

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II, as an gcrios sin chuig criosanna srianta II agus III ar chríoch an Bhallstáit chéanna lena mbaineann

1. De mhaolú ar na toirmisc dá bhforáiltear in Airteagal 10, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II a bhogadh ó bhunaíocht formheasta um tháirgí geirmeacha atá suite i gcrios srianta II chuig criosanna srianta II agus III ar chríoch Ballstáit eile lena mbaineann ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

▼B

(a) rinneadh na táirgí geirmeacha a bhailiú nó a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil i mbunaíochtaí táirgí geirmeacha faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(1)(b)(c) agus (2) agus Airteagal 16;

(b) coimeádadh deontóirí fireanna agus deontóirí baininne na muc-ainmhithe i mbunaíochtaí táirgí geirmeacha nár tugadh isteach iontu aon mhuc-ainmhí eile ar coimeád ó chriosanna srianta II agus III le linn tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bhailiú nó tháirgeadh na dtáirgí geirmeacha;

(c) comhlíonann na coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha aon ráthaíocht eile is iomchuí i leith sláinte ainmhithe ar bhonn toradh dearfach ó mheasúnú riosca ar bhearta in aghaidh leathadh fhiabhras Afracach na muc:

(i) bearta arna n-éileamh ag údaráis inniúla na bunaíochta seolta;

(ii) bearta arna bhformheas ag údarás inniúil Bhallstát na bunaíochta cinn scríbe roimh ghluaiseacht na dtáirgí geirmeacha.

2. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann na nithe seo a leanas:

(a) liosta a tharraingt suas de na bunaíochtaí táirgí geirmeacha formheasta a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 agus atá údaraithe i ndáil le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha as crios srianta II sa Bhallstát sin lena mbaineann chuig criosanna srianta II agus III i mBallstát eile lena mbaineann; is éard a bheidh sa liosta sin an fhaisnéis a bhfuil sé de cheangal ar údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a choimeád maidir le bunaíochtaí táirgí geirmeacha formheasta le haghaidh muc-ainmhithe, mar a leagtar síos in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

(b) an liosta dá bhforáiltear i bpointe (a) a chur ar fáil don phobal ar a shuíomh gréasáin agus é a choimeád cothrom le dáta;

(c) an nasc chuig an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír (b) a chur ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit.

ROINN 9

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí de sheachtháirgí ainmhithe, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III, lasmuigh de na criosanna sin

Airteagal 33

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí de sheachtháirgí ainmhithe, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III, lasmuigh de na criosanna sin sa Bhallstát céanna, chun críche próiseála nó diúscartha

1. De mhaolú ar Airteagal 11(1), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar coinsíneachtaí de sheachtháirgí ainmhithe arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III a bhogadh amach as na criosanna sin

▼B

chuig gléasra nó bunaíocht atá suite lasmuigh de chriosanna II agus III sa Bhallstát céanna, gléasra nó bunaíocht arna formheas ag údarás inniúil le haghaidh phróiseáil, dhiúscairt mar dhramhaíl trí loscadh, nó dhiúscairt nó aisghabháil trí chomhloscadh na seachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 24(1)(a), (b) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, ar choinníoll go bhfuil córas um loingseoireacht satailíte feistithe ar gach modh iompair ar leith chun a shuíomh a chinneadh, a tharchur agus a thaifeadadh san fhíor-am.

2. An t-oibreoir iompair atá freagrach as gluaiseachtaí na seachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) é a chur ar a chumas don údarás inniúil gluaiseacht an mhodha iompair a rialú san fhíor-am trí chóras um loingseoireacht satailíte;

(b) taifid leictreonacha ar an ngluaiseacht sin a choimeád ar feadh tréimhse dhá mhí ar a laghad ó dháta na gluaiseachta.

3. Féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh go gcuirfear séala ar leith ar an modh iompair in ionad an chórais um loingseoireacht satailíte dá dtagraítear i mír 1 ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) coinsíneachtaí de sheachtháirgí ainmhithe arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III, ní bhogfar iad laistigh den Bhallstát céanna ach amháin le haghaidh na n-úsáidí dá dtagraítear i mír 1;

(b) séalóidh tréidlia oifigiúil gach modh iompair go díreach tar éis an choinsíneacht de sheachtháirgí ainmhithe a bheith lódáilte; ní fhéadfaidh ach tréidlia oifigiúil nó údarás forfheidhmithe de chuid an Bhallstáit an séala a bhriseadh agus ceann nua a chur ina ionad, i gcás inarb ábhartha, de réir mar a chomhaontaítear leis an údarás inniúil.

Airteagal 34

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí aoiligh, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III, lasmuigh de na criosanna sin sa Bhallstát céanna

1. De mhaolú ar Airteagal 11(1), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar coinsíneachtaí aoiligh, lena n-áirítear easair úsáidte, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III, a bhogadh chuig líonadh talún atá suite lasmuigh de na criosanna sin sa Bhallstát céanna i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos in Airteagal 51 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

2. De mhaolú ar Airteagal 11(1), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar coinsíneachtaí aoiligh, lena n-áirítear eascair úsáidte, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II, a bhogadh lena bpróiseáil nó lena ndiúscairt i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 i ngléasra arna fhormheas chun na gcríoch sin ar chríoch an Bhallstáit chéanna.

▼B

3. An t-oibreoir iompair atá freagrach as gluaiseachtaí na gcoinsíneachtaí aoiligh, lena n-áirítear eascair úsáidte, dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, déanfaidh sé na nithe seo a leanas:

(a) é a chur ar a chumas don údarás inniúil gluaiseacht an mhodha iompair a rialú san fhíor-am trí chóras um loingseoireacht satailíte;

(b) taifid leictreonacha ar an ngluaiseacht sin a choimeád ar feadh tréimhse dhá mhí ar a laghad ó dháta na gluaiseachta.

4. Féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh go gcuirfear séala ar leith ar gach modh iompair in ionad an chórais um loingseoireacht satailíte dá dtagraítear i mír 3(a) ar choinníoll go séalóidh tréidlia oifigiúil gach modh iompair díreach tar éis an choinsíneacht aoiligh, lena n-áirítear easair úsáidte, a bheith lódáilte, dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

Ní fhéadfaidh ach tréidlia oifigiúil nó údarás forfheidhmithe de chuid an Bhallstáit an séala a bhriseadh agus ceann nua a chur ina ionad, i gcás inarb ábhartha, de réir mar a chomhaontaítear leis an údarás inniúil.

Airteagal 35

Coinníollacha sonracha i ndáil le gluaiseachtaí ábhair Chatagóir 3, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II, lasmuigh de na criosanna sin sa Bhallstát céanna chun na seachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 24(1)(a), (e) agus (g) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 a phróiseáil

1. De mhaolú ar Airteagal 11(1), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar coinsíneachtaí d'ábhair Chatagóir 3 arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II a bhogadh amach as an gcrios sin chuig gléasra nó bunaíocht atá suite lasmuigh de chrios srianta II sa Bhallstát céanna, gléasra nó bunaíocht arna formheas ag an údarás inniúil chun na hábhair a phróiseáil a thuilleadh ina mbeatha ainmhithe phróiseáilte, chun bia peataí nó táirgí díorthaithe atá le húsáid lasmuigh den slabhra bia a mhonarú, nó chun seachtháirgí ainmhithe a thiontú ina mbithghás nó ina múirín de réir Airteagal 24(1)(a), (e) agus (g) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) comhlíontar na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) comhlíontar na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagal 14(2);

(c) faightear na hábhair Chatagóir 3 ó mhuc-ainmhithe ar coimeád agus ó bhunaíochtaí a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 15(1)(b)(c), (2) agus (3) agus Airteagal 16;

▼B

(d) faightear na hábhair Chatagóir 3 ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II agus a mharaítear:

(i) i gcrios srianta II:

— sa Bhallstát céanna lena mbaineann; nó

— i mBallstát eile lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 25;

nó

(ii) lasmuigh de chrios srianta II atá suite sa Bhallstát céanna lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 24;

(e) feistítear córas um loingseoireacht satailíte ar gach modh iompair ar leith chun a shuíomh a chinneadh, a tharchur agus a thaifead san fhíor-am;

(f) bogtar coinsíneachtaí d'ábhair Chatagóir 3 ón seamlas arna ainmniú i gcomhréir le Airteagal 41(1) go díreach chuig ceann de na háiteanna seo a leanas:

(i) gléasra próiseála le haghaidh phróiseáil na táirgí díorthaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011;

(ii) gléasra bia peataí arna fhormheas chun bia peataí próiseáilte a tháirgeadh dá dtagraítear i gCaibidil II, pointe 3(a) agus (b)(i) go (iii), d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011;

(iii) gléasra bithgháis nó múirínithe arna formheas chun seachtháirgí ainmhithe a thiontú ina muinín nó ina mbithghás i gcomhréir leis na paraiméadair chaighdeánacha tiontaithe dá dtagraítear i gCaibidil III, Roinn 1, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011; nó

(iv) gléasra próiseála le haghaidh phróiseáil na dtáirgí díorthaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.

2. An t-oibreoir iompair atá freagrach as gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'ábhair Chatagóir 3, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) é a chur ar a chumas don údarás inniúil gluaiseacht an mhodha iompair a rialú san fhíor-am trí chóras um loingseoireacht satailíte;

(b) taifid leictreonacha ar an ngluaiseacht sin a choimeád ar feadh tréimhse dhá mhí ar a laghad ó dháta na gluaiseachta.

3. Féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh go gcuirfear séala ar leith ar an modh iompair in ionad an chórais um loingseoireacht satailíte dá dtagraítear i mír 1(e) ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

▼B

(a) baineann an méid seo a leanas leis na hábhair de Chatagóir 3:

(i) faightear iad ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II;

(ii) ní bhogtar iad laistigh den Bhallstát céanna ach amháin le haghaidh na n-úsáidí dá dtagraítear i mír 1;

(b) séalóidh tréidlia oifigiúil gach modh iompair go díreach tar éis an choinsíneacht d'ábhair Chatagóir 3 a bheith lódáilte; ní fhéadfaidh ach tréidlia oifigiúil nó údarás forfheidhmithe de chuid an Bhallstáit an séala a bhriseadh agus ceann nua a chur ina ionad, i gcás inarb ábhartha, de réir mar a chomhaontaítear leis an údarás inniúil.

Airteagal 36

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'ábhair Chatagóir 2, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III, lasmuigh de na criosanna sin chun iad a phróiseáil nó a dhiúscairt i mBallstát eile

1. De mhaolú ar Airteagal 11(1), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar coinsíneachtaí de sheachtháirgí ainmhithe d'ábhair Chatagóir 2, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III, a bhogadh chuig gléasra próiseála lena bpróiseáil faoi mhodhanna 1 go 5 mar a leagtar amach i gCaibidil III d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, nó chuig gléasra loiscthe nó comhloiscthe, dá dtagraítear in Airteagal 24(1)(a)(b) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) comhlíontar na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) comhlíontar na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagal 14(2);

(c) feistítear córas um loingseoireacht satailíte ar gach modh iompair ar leith chun a shuíomh a chinneadh, a tharchur agus a thaifead san fhíor-am;

2. An t-oibreoir iompair atá freagrach as gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'ábhair Chatagóir 2, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) é a chur ar a chumas don údarás inniúil gluaiseacht an mhodha iompair a rialú san fhíor-am trí chóras um loingseoireacht satailíte; agus

(b) taifid leictreonacha ar an ngluaiseacht sin a choimeád ar feadh tréimhse dhá mhí ar a laghad ó dháta na gluaiseachta.

3. Údaráis inniúla Bhallstáit seolta agus chinn scríbe na coinsíneachta d'ábhair Chatagóir 2, áiritheoidh siad rialuithe na coinsíneachta sin i gcomhréir le hAirteagal 48(1) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009.

▼B

Airteagal 37

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'ábhair Chatagóir 3, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II, lasmuigh den chrios sin chun iad a phróiseáil a thuileadh nó a thiontú i mBallstáit eile

1. De mhaolú ar Airteagal 11(1), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar coinsíneachtaí d'ábhair Chatagóir 3, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II, a bhogadh amach as an gcrios sin chuig gléasra nó bunaíocht atá suite i mBallstáit eile, gléasra nó bunaíocht arna formheas ag an údarás inniúil chun ábhair chatagóir 3 a phróiseáil ina mbeatha ainmhithe phróiseáilte, bia peataí, táirgí díorthaithe atá le húsáid lasmuigh den slabhra bia, nó chun ábhair Chatagóir 3 a thiontú ina mbithghás nó ina múirín de réir Airteagal 24(1)(a), (e) agus (g) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) comhlíontar na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) comhlíontar na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagal 14(2);

(c) faightear na hábhair Chatagóir 3 ó mhuc-ainmhithe ar coimeád agus ó bhunaíochtaí a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagail 15(1)(b)(c), (2) agus (3) agus Airteagal 16;

(d) faightear na hábhair Chatagóir 3 ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II agus a mharaítear:

(i) i gcrios srianta II:

— sa Bhallstát céanna lena mbaineann; nó

— i mBallstát eile lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 25;

nó

(ii) lasmuigh de chrios srianta II atá suite sa Bhallstát céanna lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 24;

(e) feistítear córas um loingseoireacht satailíte ar gach modh iompair ar leith chun a shuíomh a chinneadh, a tharchur agus a thaifead san fhíor-am;

(f) bogtar na seachtháirgí ainmhithe go díreach ón seamlas arna ainmniú i gcomhréir le Airteagal 41(1) chuig ceann de na háiteanna seo a leanas:

(i) gléasra próiseála le haghaidh phróiseáil na dtáirgí díorthaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinní X agus XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011;

(ii) gléasra bia peataí arna fhormheas chun bia peataí próiseáilte a tháirgeadh dá dtagraítear i gCaibidil II, pointe 3(b)(i)(ii) agus (iii) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011;

▼B

(iii) gléasra bithgháis nó múirínithe arna fhormheas chun seachtháirgí ainmhithe a thiontú ina muinín nó ina mbithghás i gcomhréir leis na paraiméadair chaighdeánacha tiontaithe dá dtagraítear i gCaibidil III, Roinn 1, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.

2. An t-oibreoir iompair atá freagrach as gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'ábhair Chatagóir 3, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) é a chur ar a chumas don údarás inniúil gluaiseacht an mhodha iompair a rialú san fhíor-am trí chóras um loingseoireacht satailíte; agus

(b) taifid leictreonacha ar an ngluaiseacht sin a choinneáil ar feadh tréimhse dhá mhí ar a laghad ó dháta na gluaiseachta.

ROINN 10

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III, lasmuigh de na criosanna sin

Airteagal 38

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó muc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II, lasmuigh den chrios sin ar chríoch an Bhallstáit chéanna lena mbaineann

1. De mhaolú ar na toirmisc dá bhforáiltear in Airteagal 12, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II, a bhogadh lasmuigh den chrios sin ar chríoch an Bhallstáit chéanna lena mbaineann, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) go gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) faightear an fheoil úr agus na táirgí úra ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i mbunaíochtaí a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagal 14(2), Airteagal 15(1)(b)(c), (2) agus (3) agus Airteagal 16;

(c) táirgeadh an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, i mbunaíochtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 41(1).

2. De mhaolú ar na toirmisc dá bhforáiltear in Airteagal 12, mura gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i mír 1, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II, a bhogadh amach as an gcrios sin ar chríoch an Bhallstáit chéanna lena mbaineann, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

▼B

(a) táirgeadh an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, i mbunaíochtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 41(1);

(b) déantar ceann acu de na nithe seo a leanas i gcás na feola úire agus na dtáirgí feola

(i) i gcás na feola úire amháin, déantar í a mharcáil agus a bhogadh i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha lena n-údaraítear gluaiseachtaí na feola úire, arna fáil ó ainmhithe ar cóiméad de speicis liostaithe, ó bhunaíochtaí áirithe a leagtar síos in Airteagal 33(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, chuig gléasra próiseála, áit a rachaidh sí faoi cheann amháin de na cóireálacha ábhartha um maolú riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis;

nó

(ii) rinneadh iad a mharcáil le marc speisialta sláinte i gcomhréir le hAirteagal 44, nó, i gcás inarb ábhartha, le marc aitheantais nach marc ubhchruthach é agus nach féidir é a mheascadh leis an marc sláinte nó leis an marc aitheantas dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointí (a) agus (b), de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004; agus

(iii) níl sé beartaithe iad a bhogadh ach amháin laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann.

Airteagal 39

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'fheoil úr nó táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II, amach as an gcrios sin chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha

De mhaolú ar na toirmisc dá bhforáiltear in Airteagal 12, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II a bhogadh amach as an gcrios sin chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) go gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) comhlíontar na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagal 14(2);

(c) faightear an fheoil úr agus na táirgí úra ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i mbunaíochtaí a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagail 15 agus 16;

(d) táirgeadh an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, i mbunaíochtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 41(1).

▼B

Airteagal 40

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta III, chuig criosanna srianta I, II agus III eile, nó chuig limistéir lasmuigh de chriosanna srianta I, II agus III ar chríoch an Bhallstáit chéanna

De mhaolú ar na toirmisc dá bhforáiltear in Airteagal 12, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta III a bhogadh chuig criosanna srianta I, II, agus III eile nó chuig limistéir lasmuigh de shrianta I, II agus III ar chríoch an Bhallstáit chéanna lena mbaineann, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) go gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) comhlíontar na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagal 14(2);

(c) faightear an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, ó mhuc-ainmhithe sna cásanna seo a leanas:

(i) coimeádtar iad i mbunaíochtaí a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagail 15 agus 16; agus

(ii) maraítear iad:

— laistigh den chrios srianta III céanna; nó

— lasmuigh de chrios srianta III tar éis na gluaiseachta údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 29;

(d) táirgeadh an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, i mbunaíochtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 41(1); agus i gcás ceann amháin acu seo:

(i) i gcás na feola úire amháin, déantar í a mharcáil agus a bhogadh i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha lena n-údaraítear gluaiseachtaí na feola úire, arna fáil ó ainmhithe ar cóiméad de speicis liostaithe, ó bhunaíochtaí áirithe a leagtar síos in Airteagal 33(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, chuig gléasra próiseála, áit a rachaidh sí faoi cheann amháin de na cóireálacha ábhartha um maolú riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis;

nó

(ii) rinneadh iad a mharcáil le marc speisialta sláinte i gcomhréir le hAirteagal 44, nó, i gcás inarb ábhartha, le marc aitheantais nach marc ubhchruthach é agus nach féidir é a mheascadh leis an marc sláinte nó leis an marc aitheantas dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointí (a) agus (b), de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004; agus

(iii) níl sé beartaithe iad a bhogadh ach amháin laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann.

▼B

CAIBIDIL IV

BEARTA SPEISIALTA MAOLAITHE RIOSCA MAIDIR LE FIABHRAS AFRACACH NA MUC LE hAGHAIDH GNÓLACHTAÍ BIA SNA BALLSTÁIT LENA mBAINEANN

Airteagal 41

Ainmniú speisialta le haghaidh seamlas, ionaid spólta, fuarstóras, agus bunaíochtaí próiseála feola agus láimhseála géimfheola

1. Údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, tar éis dó iarratas a fháil ó oibreoir gnólachta bia, ainmneoidh sé bunaíochtaí le haghaidh na nithe seo a leanas:

(a) marú láithreach muc-ainmhithe ar coimeád ó chriosanna srianta II agus III:

(i) laistigh de na criosanna srianta II agus III sin;

(ii) lasmuigh de na criosanna srianta II agus III sin, dá dtagraítear in Airteagail 24 agus 29;

(b) spól, próiseáil agus stóráil na feola úire agus na dtáirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III, dá dtagraítear in Airteagail 38, 39 agus 40;

(c) ullmhú géimfheola dá dtagraítear i bpointe 1(1.18) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 853/2004 agus próiseáil agus stóráil na feola úire agus na dtáirgí feola arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe fiáine i gcriosanna srianta I, II agus III mar a fhoráiltear in Airteagail 48 agus 49 den Rialachán seo;

(d) ullmhú géimfheola dá dtagraítear i bpointe 1(1.18) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 853/2004 agus próiseáil agus stóráil na feola úire agus na dtáirgí feola ó mhuc-ainmhithe fiáine, má tá na bunaíochtaí sin suite i gcriosanna srianta I, II agus III mar a fhoráiltear in Airteagail 48 agus 49 den Rialachán seo.

2. Féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh nach mbeidh gá leis an ainmniú dá dtagraítear i mír 1 i gcás bunaíochtaí ina ndéantar próiseáil, spól agus stóráil na feola úire agus na dtáirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III agus ó mhuc-ainmhithe fiáine arna bhfáil i gcriosanna srianta I, II agus III, agus na bunaíochtaí dá dtagraítear i mír 1(d), ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) an fheoil úr agus na táirgí feola de bhunadh mucúil, lena n-áirítear cásálacha, déantar iad a mharcáil sna bunaíochtaí sin le marc speisialta sláinte nó, i gcás inarb ábhartha, marc aitheantais dá dtagraítear in Airteagal 44;

(b) an fheoil úr agus na táirgí feola de bhunadh mucúil ó na bunaíochtaí sin, lena n-áirítear cásálacha, níl siad ceaptha ach amháin le haghaidh an Bhallstáit chéanna lena mbaineann;

(c) seachtháirgí ainmhithe de bhunadh mucúil ó na bunaíochtaí sin, ní dhéantar iad a phróiseáil ná a dhiúscairt ach amháin i gcomhréir le hAirteagal 33 sa Bhallstát céanna.

▼B

3. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann na nithe seo a leanas:

(a) nasc a chur ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit eile chuig suíomh gréasáin an údaráis inniúil ina bhfuil liosta de na bunaíochtaí ainmnithe agus a ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1;

(b) an liosta dá bhforáiltear i mír (a) a choinneáil cothrom le dáta.

Airteagal 42

Coinníollacha speisialta i ndáil le bunaíochtaí a ainmniú le haghaidh mharú láithreach na muc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II agus III

Ní ainmneoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann bunaíochtaí le haghaidh mharú láithreach na muc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II agus III ach amháin ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) marú na muc-ainmhithe a choimeádtar lasmuigh de chriosanna srianta II agus III agus marú na muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III agus atá faoi réir na ngluaiseachtaí údaraithe dá bhforáiltear in Airteagail 24 agus 29, agus táirgeadh agus stóráil na dtáirgí a thagann uathu, coinneofar an marú sin scartha amach ó mharú na muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III agus ó tháirgeadh agus stóráil na dtáirgí a thagann uathu nach gcomhlíonann na nithe ábhartha seo a leanas:

(i) na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagail 15, 16 agus 17; agus

(ii) na coinníollacha speisialta dá dtagraítear in Airteagail 24 agus 29;

(b) tá treoracha nó nósanna imeachta doiciméadaithe i bhfeidhm ag oibreoir na bunaíochta, treoracha nó nósanna imeachta arna bhformheas ag údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i mír (a).

Airteagal 43

Coinníollacha speisialta i ndáil le bunaíochtaí a ainmniú le haghaidh spól, phróiseáil agus stóráil na feola úire agus na dtáirgí úire, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III

Ní ainmneoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann bunaíochtaí le haghaidh spól, phróiseáil agus stóráil na feola úire agus na dtáirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III atá faoi réir gluaiseacht údaraithe dá bhforáiltear in Airteagail 38, 39 agus 40 ach amháin ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) spól, próiseáil agus stóráil na feola úire agus na dtáirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar lasmuigh de chriosanna srianta II agus III agus ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III, beidh siad scartha amach ó fheoil úr agus ó tháirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III nach gcomhlíonann an méid seo a leanas:

▼B

(i) na coinníollacha ginearálta breise a leagtar síos in Airteagail 15, 16 agus 17; agus

(ii) na coinníollacha sonracha dá dtagraítear in Airteagail 38, 39 agus 40;

(b) tá treoracha nó nósanna imeachta doiciméadaithe i bhfeidhm ag oibreoir na bunaíochta, treoracha nó nósanna imeachta arna bhformheas ag údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i mír (a).

Airteagal 44

Marcanna speisialta sláinte nó aitheantais

Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a áirithiú go ndéanfar na táirgí de bhunadh ainmhíoch seo a leanas a mharcáil le marc speisialta sláinte nó, i gcás inarb ábhartha, le marc aitheantais nach marc ubhchruthach é agus nach féidir é a mheascadh leis an marc sláinte nó an marc aitheantais dá bhforáiltear in Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004:

(a) an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta III mar a leagtar síos in Airteagal 40(d)(ii);

(b) an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II, mura gcomhlíontar na coinníollacha sonracha i ndáil le húdarú ghluaiseachtaí na gcoinsíneachtaí sin amach as crios srianta II, mar a fhoráiltear in Airteagal 38(1), mar a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 38(2)(b)(ii):

(c) an fheoil úr agus na táirgí feola ó mhuc-ainmhithe fiáine arna mbogadh laistigh de chrios srianta I nó amach as an gcrios sin ón mbunaíocht arna hainmniú i gcomhréir le Airteagal 41(1), mar a leagtar síos in Airteagal 49(1)(c)(iii), an chéad fhleasc.

CAIBIDIL V

BEARTA SPEISIALTA RIALAITHE GALAR IS INFHEIDHME MAIDIR LE MUC-AINMHITHE FIÁINE SNA BALLSTÁIT

Airteagal 45

Toirmisc speisialta i ndáil le gluaiseachtaí muc-ainmhithe fiáine

Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát uile toirmeasc ar ghluaiseachtaí muc-ainmhithe fiáine ag oibreoirí mar a fhoráiltear in Airteagal 101 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 sna háiteanna seo a leanas:

(a) laistigh de chríoch iomlán an Bhallstáit;

(b) as críoch iomlán an Bhallstáit chuig:

(i) Ballstáit eile; agus

(ii) tríú tíortha.

▼B

Airteagal 46

Toirmisc speisialta i ndáil le gluaiseachtaí laistigh de chriosanna srianta I, II, III agus amach as na criosanna sin, gluaiseachtaí feola úire, táirgí feola agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch, seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe agus ó choirp muc-ainmhithe fiáine atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine

1. Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann toirmeasc ar ghluaiseachtaí laistigh de chriosanna srianta I, II agus III agus amach astu, gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'fheoil úr, táirgí feola agus aon táirge eile de bhun ainmhíoch, seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe fiáine agus ó choirp muc-ainmhithe fiáine atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine.

2. Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann toirmisc speisialta ar ghluaiseachtaí laistigh de chriosanna srianta I, II, III agus amach as na criosanna sin, gluaiseachtaí feola úire, táirgí feola agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch, seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe agus ó choirp muc-ainmhithe fiáine atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine seo a leanas:

(a) i gcás úsáid phríobháidigh;

(b) má bhaineann sé le gníomhaíochtaí fiagaí a sholáthraíonn méideanna beaga de ghéimfheoil mhucúil fhiáin nó de ghéimfheoil de bhunadh mucúil go díreach don tomhaltóir deiridh nó do bhunaíochtaí miondíola áitiúla a sholáthraíonn an tomhaltóir deiridh go díreach, mar a fhoráiltear in Airteagal 1(3)(e) de Rialachán (AE) Uimh. 853/2004.

Airteagal 47

Toirmisc ghinearálta i ndáil le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe fiáine agus ó choirp muc-ainmhithe fiáine, atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, i bhfianaise riosca leathadh fhiabhras Afracach na muc

Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann toirmeasc a chur, laistigh de chríoch an Bhallstáit chéanna, ar ghluaiseachtaí feola úire, táirgí feola agus aon táirge eile arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe fiáine agus ó choirp muc-ainmhithe fiáine atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, má mheasann an t-údarás inniúil go bhfuil riosca ann go leathfar fiabhras Afracach na muc chuig na muc-ainmhithe fiáine sin nó go leathfar é uathu nó tríothu, nó go leathfar é chuig táirgí a fhaightear ó na muc-ainmhithe fiáine sin nó go leathfar é uathu nó tríothu.

Airteagal 48

Coinníollacha sonracha i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí feola próiseáilte arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe fiáine laistigh de chriosanna srianta I, II agus III agus amach as na criosanna sin

1. De mhaolú ar an toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 46(1), féadfaidh údarás an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar coinsíneachtaí de tháirgí feola próiseáilte, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe fiáine ó bhunaíocht atá suite i gcriosanna srianta I, II agus III, a bhogadh laistigh de chriosanna srianta I, II agus III agus amach as na criosanna sin chuig na háiteanna seo a leanas:

▼B

(a) criosanna srianta I, II agus III eile atá suite sa Bhallstát céanna lena mbaineann;

(b) limistéir lasmuigh de chriosanna I, II, III sa Bhallstát céanna lena mbaineann; agus

(c) Ballstáit eile agus tríú tíortha.

2. Údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, ní údaróidh sé gluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí feola próiseáilte, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe fiáine ó bhunaíochtaí atá suite i gcrios srianta I, II agus III, dá dtagraítear i mír 1 ach amháin ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) rinneadh tástálacha sainaitheantais pataigine le haghaidh fhiabhras Afracach na muc i gcás gach muc-ainmhí a úsáidtear chun táirgí feola a tháirgeadh agus a phróiseáil i gcrios srianta I, II agus III;

(b) fuair an t-údarás inniúil torthaí diúltacha ó na tástálacha sainaitheantais pataigine le haghaidh fhiabhras Afracach na muc dá dtagraítear i bpointe (a) roimh na cóireála dá dtagraítear i bpointe (c)(ii);

(c) táirgí feola ó mhuc-ainmhithe fiáine sna cásanna seo a leanas:

(i) rinneadh iad a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil i mbunaíochtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 41(1); agus

(ii) cuireadh cóireála maolaithe riosca orthu le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na criosanna srianta i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a mhéid a bhaineann le fiabhras Afracach na muc.

Airteagal 49

Coinníollacha sonrach i ndáil le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí laistigh de shrianta I, II agus III agus amach as crios srianta I, gluaiseachtaí feola úire, táirgí feola agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe fiáine agus ó choirp muc-ainmhithe fiáine atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine

1. De mhaolú ar na toirmisc dá bhforáiltear in Airteagal 46(1) agus (2), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar feoil úr, táirgí feola agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe agus ó choirp muc-ainmhithe atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, a bhogadh laistigh de chrios srianta I agus amach as an gcrios sin chuig criosanna srianta I, II agus III eile nó chuig limistéir lasmuigh de chriosanna I, II agus III sa Bhallstát céanna ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) rinneadh tástálacha sainaitheantais pataigine le haghaidh fhiabhras Afracach na muc i gcás gach muc-ainmhí ábhartha roimh ghluaiseacht na feola úire, na dtáirgí feola agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe fiáine;

▼B

(b) fuair an t-údarás inniúil sa Bhallstát lena mbaineann torthaí diúltacha ó na tástálacha sainaitheantais pataigine le haghaidh fhiabhras Afracach na muc dá dtagraítear i bpointe (a) roimh an ngluaiseacht;

(c) an fheoil úr, na táirgí feola agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch ó mhuc-ainmhithe fiáine agus ó choirp muc-ainmhithe atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, déantar iad a bhogadh laistigh de chrios srianta I nó amach as crios srianta I laistigh den Bhallstát céanna:

(i) i gcás úsáid phríobháidigh; nó

(ii) má bhaineann sé le gníomhaíochtaí fiagaí a sholáthraíonn méideanna beaga de ghéimfheoil mhucúil fhiáin nó de ghéimfheoil de bhunadh mucúil go díreach don tomhaltóir deiridh nó do bhunaíochtaí miondíola áitiúla a sholáthraíonn an tomhaltóir deiridh go díreach, mar a fhoráiltear in Airteagal 1(3)(e) de Rialachán (AE) Uimh. 853/2004; nó

(iii) ón mbunaíocht arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 41(1) ina ndearnadh an fheoil úr agus na táirgí feola a mharcáil:

— le marc speisialta sláinte nó aitheantais i gcomhréir le hAirteagal 44, pointe (c);

nó

— i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus déantar iad a bhogadh chuig gléasra próiseála chun dul faoi cheann amháin de na cóireálacha ábhartha um maolú riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis.

2. De mhaolú ar na toirmisc dá bhforáiltear in Airteagal 46(2), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a údarú go ndéanfar an fheoil úr, na táirgí feola agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch ó mhuc-ainmhithe fiáine agus ó choirp muc-ainmhithe fiáine atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine a bhogadh laistigh de chriosanna srianta II agus III sa Bhallstát céanna, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) rinneadh tástálacha sainaitheantais pataigine le haghaidh fhiabhras Afracach na muc i gcás gach muc-ainmhí ábhartha roimh ghluaiseacht na feola úire, na dtáirgí feola agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe fiáine nó ó choirp muc-ainmhithe fiáine atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine;

(b) fuair an t-údarás inniúil sa Bhallstát lena mbaineann torthaí diúltacha ó na tástálacha sainaitheantais pataigine le haghaidh fhiabhras Afracach na muc dá dtagraítear i bpointe (a) roimh an ngluaiseacht;

(c) an fheoil úr, na táirgí feola agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch ó mhuc-ainmhithe fiáine agus ó choirp muc-ainmhithe atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, bogfar iad laistigh de chriosanna srianta II agus III sa Bhallstát céanna chun na gcríoch seo a leanas:

▼B

(i) úsáid phríobháideach;

nó

(ii) i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, bogfar iad chuig gléasra próiseála chun dul faoi cheann de na cóireálacha ábhartha um maolú riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis.

Airteagal 50

Oibleagáidí na n-oibreoirí maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe le haghaidh coinsíneachtaí d'fheoil úr, táirgí feola agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe fiáine agus ó choirp muc-ainmhithe fiáine atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, i ndáil le gluaiseachtaí lasmuigh de chriosanna I, II agus III

Coinsíneachtaí d'fheoil úr, táirgí feola agus aon táirge eile de bhunadh ainmhíoch, arna bhfáil ó mhuc-ainmhithe fiáine agus ó choirp muc-ainmhithe fiáine atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, ní bhogfaidh na hoibreoirí amach as criosanna srianta I, II agus III iad ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcásanna a chumhdaítear le hAirteagail 48 agus 49; agus

(b) má ghabhann deimhniú sláinte ainmhithe leis na coinsíneachtaí sin, mar a fhoráiltear in Airteagal 167(1) de Rialachán (AE) 2016/429, ina bhfuil an fhaisnéis seo a leanas:

(i) an fhaisnéis a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154; agus

(ii) ceann amháin ar a laghad de na fianuithe seo a leanas ina léirítear go gcomhlíontar na ceanglais dá bhforáiltear sa Rialachán seo:

